Preaseisiúint

etbi
Education & Training Boards Ireland
Boird Oideachais & Oiliúna Éireann

DÁTA: 22.03.2024

Ónóracha bronnta ar fhoghlaimeoirí Gaeilge BOO ag ócáid náisiúnta

Bronnadh onóracha ar fhoghlaimeoirí BOO a bhain barr feabhais amach sa Ghaeilge ag ócáid náisiúnta do 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann i bPáirc Thuamhan; bhí an ócáid á hóstáil ag an léitheoir nuachta de chuid RTÉ Ray Kennedy (14.03.24). Rinne an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG) urraíocht ar sparánacht, lena n-áirítear tacaíocht airgid de €5000 agus cúnamh gairmiúil, agus bronnadh an sparánacht sin ar Aoibhinn Ní Craoibhínn ag an ócáid. Tá Aobhinn ag freastal ar Choláiste Oiriall, scoil de chuid BOO an Chabháin agus Mhuineacháin. Bronnadh €500 mar dhuais thánaisteach ar fhoghlaimeoir BOO Chorcaí Amelia Ní Reen Ní Mhathúna ó Choláiste Daibhéid.

D'aontaigh moltóirí na Sparánachta go raibh Aoibhinn Ní Craoibhínn, a bhfuil grá s'aici don Ghaeilge le feiceáil ó 3 bliana d'aois agus a chuaigh ar aghaidh ó shin chun cur go mór le forbairt na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh ar fud a scoile agus a pobail, ina hambasadóir den scoth don Ghaeilge agus don chultúr agus go raibh siad ag iarraidh tacú léi ar a conair ghairme amach anseo. Moladh an duine a bhí sa dara háit, Amelia Ní Reen Ní Mhathúna, as a clár nuálach maidir le cuairt a thabhairt ar bhunscoileanna áitiúla Béarla chun úsáid na Gaeilge mar theanga chumarsáide bheo a spreagadh i measc na ndaltaí.

Mar pháirt den searmanas freisin tugadh aitheantas d'iarfhoghlaimeoirí BOO lena n-áirítear an feachtasóir CervicalCheck Vicky Phelan, na lúthchleasaithe Sarah Lavin agus Róisín Ní Riain, agus an tOmbudsman do Leanaí, an Dr Niall Muldoon. Bronnadh onóracha ar 17 iarfhoghlaimeoir BOO ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann – a bhain barr feabhais amach ina réimse roghnaithe nó a chuir go mór lena bpobal áitiúil - ag an ócáid a reáchtáladh mar chuid de 'Sheachtain BOO'. Tá Seachtain BOO á reáchtáil ag Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann, agus is éard atá i gceist ná sraith seachtaine d'imeachtaí chun ceiliúradh a dhéanamh ar na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) in Éirinn agus ar na seirbhísí oideachais agus oiliúna a chuireann a scoileanna, coláistí agus ionaid ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar fud na hÉireann.

CRÍOCH

Nótaí don Eagarthóir:

Fiosrúcháin ó na meáin: gwen.moore@etbi.ie

Tuilleadh eolais/ ar fáil le haghaidh agallaimh:
Gean Gilger (BOOÉ): 0876964811
Aoife Ní Shéaghdha (COGG): 086 8113556

Griangrafadóireacht: Brian Arthur

Maidir le Boird Oideachais & Oiliúna Éireann

Is é Boird Oideachais & Oiliúna Éireann (BOOÉ) an cumann ionadaíochta náisiúnta dá chuid ball – na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) déag in Éirinn - agus déanann sé idirbheartaíocht thar ceann na hearnála BOO ag fóraim éagsúla san earnáil oideachais, sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne agus ag leibhéal an AE freisin. Is é an misean atá aige forbairt leanúnach an oideachais, na hoiliúna agus na hoibre ógra in Éirinn a threorú agus a chur chun cinn agus is é an fhís atá aige leas a bhaint as neart na hearnála chun tionchar a imirt ar chomhoibriú agus ar chomhiarracht agus na nithe sin a chur chun cinn. Tá BOOÉ á threorú ag a chroíluachanna mar atá: barr feabhais, cúram, comhionannas, pobal agus meas. Lean ETBI ar Instagram , Twitter, Facebook agus LinkedIn.

Maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna

Is iad na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna dhéag na príomhsholáthraithe stáit oideachais agus oiliúna in Éirinn. I dteannta a chéile, tá freagracht ar na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna dhéag as 30 Scoil Náisiúnta Pobail agus 250 iar-bhunscoil le breis agus 117,000 scoláire. Is iad Iar-bhunscoileanna BOO an soláthraí oideachais is mó trí mheán na Gaeilge le 48 scoil. Is iad BOOnna an soláthraí oideachais il-shainchreidmheach is mó in Éirinn freisin. Chomh maith leis sin, soláthraíonn BOOnna Breisoideachas agus Oiliúint do bhreis agus 226,000 foghlaimeoir BOO gach bliain i 500+ suíomh foghlaimeora agus tá ról lárnach acu maidir le printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna a chur ar fáil i gcomhpháirtíocht le fostóirí. Lena chois sin, tacaíonn BOOnna le seirbhísí óige, déanann siad monatóireacht orthu agus cuireann siad ar fáil iad. Fostaíonn an Earnáil BOO breis agus 32,000 duine agus tá caiteachas bliantúil d'os cionn €2 billiún san iomlán aici. Tá eolaire BOOnna ar fáil anseo.